Workshop IN A BOX

# BÍODH TUISCINT AGAT AR NA MEÁIN

## STOP I SMAOINIGH I SEICEÁIL

# ACMHAINNÍ D'ÉASCAITHEOIRÍ (AE)

MEDIA LITERACY IRELAND

EDMO Ireland

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# CLÁR

AE 1 – FEACHTAS *BÍODH TUISCINT AGAT AR NA MEÁIN* .................................. 3
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 3
AE 2 – LITEARTHACHT SNA MEÁIN .................................. 4
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 4
AE 3 – CINEÁLACHA DIFRIÚLA MEÁIN .................................. 5
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 5
AE 4 – CINEÁLACHA ÉAGSÚLA EOLAIS .................................. 6
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 6
AE 5 – IS MIAN LEIS NA HARDÁIN DHIGITEACHA MUID A CHOINNEÁIL GAFA. 7
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 7
AE 6 – CLAONADH .................................. 8
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 9
AE 7 – CUIRTEAR TEACHTAIREACHTAÍ MEÁIN LE CHÉILE .................................. 10
Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú: .................................. 11
AE 8 – IONRAMHÁIL ÁBHAR .................................. 12
Bolscaireacht .................................. **Error! Bookmark not defined.**
Bréageolas / Eolas Míchruinn .................................. **Error! Bookmark not defined.**
Comhthéacs Bréagach / Mícheart .................................. **Error! Bookmark not defined.**
Clicmhealladh .................................. 13
Scigaithris agus Aoir .................................. **Error! Bookmark not defined.**
Eagarthóireacht Mhealltach .................................. **Error! Bookmark not defined.**
Domhainbhrionnuithe .................................. **Error! Bookmark not defined.**

# ACMHAINNÍ D'ÉASCAITHEOIRÍ (AE)

## AE 1 – BE MEDIA SMART CAMPAIGN

Arna fhorbairt agus eagrú ag baill do Litearthacht sna Meáin, Éire (MLI), dearadh an feachtas 'Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin' chun idir sean agus óg, a spreagadh le Stopadh, Smaoineamh agus Seiceáil nuair a thagann siad ar eolas. Is é príomhchuspóir an fheachtais cabhrú le daoine an difríocht idir eolas iontaofa agus cruinn a aithint ó eolas atá bréagach nó míthreorach d'aon ghnó.

In 2023, scaipfear teachtaireacht Stop, Smaoinigh, Seiceáil ar fud na tíre ar an teilifís, raidió, foilseacháin nuachta agus ar líne le linn mhí Dheireadh Fómhair agus beidh leideanna, treoir agus tacaíochtaí ar fáil ar líne.

### Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú:

- Suíomh *Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin* – *https://www.bemediasmart.ie/ga/*
- Suíomh Litearthacht sna Meáin, Eire – https://www.medialiteracyireland.ie/ga/
- Páipéar comhdhála maidir le *Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin* – *https://arrow.tudublin.ie/ittsupcon/12/*

## AE 2 – LITEARTHACT SNA MEÁIN

Tagraíonn litearthacht sna meáin do thacar eolais, scileanna agus dearcthaí atá riachtanach le bheith i do thomhaltóir agus i dtáirgeoir inneachar meáin ar bhealach criticiúil, cruthaitheach agus freagrach. Is próiseas fad saoil é a bhfuil sé mar aidhm leis cur le cumas saoránaigh cinntí eolacha a dhéanamh faoin ábhar agus faoin eolas a úsáideann siad. Mar sin, tá litearthacht sna meáin mar bhonn agus mar thaca ag bunchoincheapa agus luachanna amhail daonlathas, saoirse, cothromas agus ceartas. Maidir le fadhb an bréageolas, is féidir le litearthacht sna meáin an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn uathu a thabhairt do dhaoine chun an eolais a chastar orthu a mheas go criticiúil, foghlaim conas foinsí iontaofa a aithint, anailís a dhéanamh ar chineálacha éagsúla inneachar meáin, agus eolas a úsáid ar bhealach freagrach agus táirgiúil.

### Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú:

- **Ionad um Litearthacht sna Meáin:** sainmhínithe agus tuilleadh - https://www.medialit.org/media-literacy-definition-and-more
- **Cumann Náisiúnta um Oideachas Litearthacht na Meán (NAMLE):**10 gcroíphrionsabal d'oideachas litearthachta sna meáin - https://namle.net/resources/core-principles/
- **Buntreoir don Litearthacht sna Meáin, Dianchúrsa Litearthacht sna Meáin** - https://www.youtube.com/watch?v=AD7N-1Mj-DU&t=12s

BE MEDIA SMART_

## AE 3 – CINEÁLACHA DIFRIÚLA MEÁIN

Cuireann cineálacha difriúla meán teachtaireachtaí in iúl ar bhealaí éagsúla, rud a chiallaíonn go mbíonn éagsúlacht mhór sa tslí ina ndéanaimid teagmháil leis na cineálacha difriúla seo. Mar shampla, baineann an téacs go príomha le próisis bhriathartha agus theangeolaíocha, mar an chaoi a n-eagraítear focail chun abairt a chumadh agus brí a chruthú. Is ar phróiseáil amhairc amháin a bhraitheann íomhánna. Déanann siad cumarsáid trí eilimintí amhairc mar dathanna, cruthanna, siombailí agus leagan amach. Úsáideann físeáin meascán d’acmhainní agus baintear leas as iliomad céadfaí, amhail amhairc agus éisteacht.

Is í an cheist thábhachtach anseo:

- An bhfuil a fhios againn conas na cineálacha difriúla seo a ‘léamh’ nó a léirmhíniú nó a thuiscint?
- Nuair a deirimid go bhfuil muid liteartha, ciallaíonn sé seo de ghnáth go bhfuil a fhios againn conas téacs clóite a léamh agus a scríobh. Ach céard faoi na cineálacha eile seo?
- An bhfuil an cumas againn íomhánna a thuiscint freisin ar an mbealach céanna a dtuigimid téacsanna?

### Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú:

- **Ollscoil Birmingham:** acmhainní ar amharcliteRTHcht – https://libguides.bham.ac.uk/c.php?g=678107&p=4832437

BE MEDIA SMART_

## AE 4 – CINEÁLACHA ÉAGSÚLA EOLAIS

Léiríodh i staidéir a rinneadh le déanaí gur cosúil go spreagann an bealach a sheachadtar ábhar trí na meáin shóisialta úsáid nuachta éighníomhach, ag cur iompraíocht scrollaithe leanúnach chun cinn seachas rannpháirtíocht ghníomhach agus scrúdú cúramach.

Is minic a bhíonn sé deacair ábhar nuachta a mheas, agus ciallaíonn doiléire an ábhair ar ardáin na meán sóisialta go mbíonn go leor daoine ag streachailt le hidirdhealú a dhéanamh idir nuacht, fógraíocht, ábhar sóisialta agus siamsaíocht.

### ACMHAINNÍ CHUN AN TOPAIC SEO A FHIOSRÚ:

- **Scrolling news: The changing face of online news consumption - A report for Ofcom -** https://revealingreality.co.uk/work/scrolling-news/
- **Reuters Digital News Report -** https://www.digitalnewsreport.org/
- **News Literacy Project: News Goggles: Ad or news? -** https://newslit.org/educators/resources/news-goggles-ad-or-news/

BE MEDIA SMART_

## AE 5 – IS MIAN LEIS NA HARDÁIN DHIGITEACHA MUID A CHOINNEÁIL GAFA

Úsáideann go leor ardáin meán digiteach, mar Alphabet (ar leo Google agus YouTube) agus Meta (ar leo Facebook, WhatsApp agus Instagram), múnla gnó atá bunaithe ar airgead a shaothrú trí fhógraíocht. Chun an t-airgead seo a shaothrú, de ghnáth cuireann na comhlachtaí seo seirbhísí saor in aisce ar fáil agus bailíonn siad sonraí úsáideoirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar a n-iompraíocht, a suimeanna agus a ndéimeagrafaic. Úsáidtear na sonraí seo ansin chun próifíl dhigiteach úsáideoirí a chruthú, rud atá thar a bheith luachmhar d'fhógróirí atá ag lorg bealaí spriocdhírithe agus éifeachtacha chun teacht ar chustaiméirí féideartha.

Dá mhéad a idirghníomhaíocht agus am a dhéanann agus a chaitheann úsáideoirí ar na hardáin, is amhlaidh is mó sonraí is féidir a bhailiú, mar sin úsáideann na comhlachtaí seo go leor straitéisí chun úsáideoirí a choinneáil ceangailte agus gafa, lena n-áirítear úsáid a bhaint as algartaim chun éispéiris phearsanta a chruthú.

### Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú:

- **Childnet: Cad is halgartaim meáin shóisialta ann?** - https://www.childnet.com/blog/algorithms/
- **Algo-litearthact i 10 bpointe -** https://crossover.social/algo-literacy-for-all-in-10-points/

Continued below

- **CNBC: Samhail ghnó  a bhaineann leis na meáin shóisialta -** https://www.youtube.com/watch?v=zKk9to7Zcdg

- **Tactical Tech Glassroom Exhibition -** https://theglassroom.org/en/misinformation-edition/all-

## AE 6 – CLAONADH

Tagraíonn claonadh deimhnithe don chlaonadh cognaíoch eolas a léirmhíniú ar bhealach a dhearbhaíonn go gcreideann muid ann mar atá. Is gníomh neamhdheonach é neamhaird a dhéanamh ar eolas a thugann dúshlán nó a sheasann in aghaidh a chreideann muid ann, agus ag an am céanna a thugann níos mó tábhacht d'eolas atá ar aon dul leo. D'fhéadfadh dearcadh díchumtha ar an bhfíorshaol a bheith mar thoradh ar an gclaonadh seo, mar is féidir linn neamhaird a dhéanamh d'aon ghnó ar fhíorais nó ar fhianaise thábhachtacha díreach toisc nach dtaitníonn siad linn.

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil claonadh againn go léir agus nach féidir fáil réidh leo uilig. Mar sin féin, is féidir linn a bheith feasach, ar a laghad, ar an gclaonadh seo chun níos mó tábhacht a thabhairt d'eolas a thagann lenár roghanna pearsanta. Is é seo an chéad chéim agus is féidir go leor buntáistí maithe a bheith aige inár saol laethúil.

I gcomhthéacs thírdhreach ollmhór agus éagsúil na meán sa lá atá inniu ann, ina bhfuil go leor scéalta agus peirspictíochtaí éagsúla le chéile, tá sé thar a bheith éasca a bheith sáinnithe ag breathnú ar ábhair nach bhfuil ag teacht ach leis na creidimh atá againn cheana féin. Mura ndéanaimid

ár gclaonadh a sheiceáil, tá an baol ann go mbeidh muid inár dtomhaltóirí éighníomhacha i dtaobh eolas de seachas inár dtomhaltóirí gníomhacha agus criticiúla. Ina theannta sin, is féidir le claonadh neamhsheiceáilte dul i bhfeidhm ar ár gcaidrimh agus ár bplé le daoine eile, rud a fhágann go mbeidh an plé polaraithe agus laghdaítear ár gcumas i leith comhbhá agus tuisceana.

## Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú:

- **Claonadh deimhnithe agus conas gearradh tríd -** https://www.youtube.com/watch?v=kyioZODhKbE
- **Éifeachtaí claonta deimhnithe ar chinntí a dhéanamh -** https://www.youtube.com/watch?v=Bou4oyvr2gM
- **Claonadh agus bréageolas -** https://www.scientificamerican.com/article/biases-make-people-vulnerable-to-misinformation-spread-by-social-media/

## AE 7 – CUIRTEAR TEACHTAIREACHTAÍ MEÁIN LE CHÉILE

Déanann léiriú sna meáin tagairt do mar a dhéanann na meáin léiriú ar dhaoine aonair, pobail, éispéiris, smaointe, nó topaicí ó pheirspictíocht ar leith. Baineann sé úsáid as teanga, íomhánna, agus cineálacha éagsúla rangaithe chun bríonna agus dearcthaí sonracha a chur in iúl. Cruthaítear teachtaireachtaí meán trí phróiseas casta roghnúcháin agus meascán d'eilimintí éagsúla, faoi thionchar peirspictíochtaí, claonadh agus mianta an chruthaitheora, chomh maith leis an gcomhthéacs soch-chultúrtha ina gcruthaítear na teachtaireachtaí seo. Roghnaítear gach eilimint san inneachar meáin, ó na focail a roghnaítear go dtí na híomhánna a úsáidtear, agus déantar eagarthóireacht orthu agus é mar aidhm smaoineamh ar leith a léiriú.

Ní léiriú neodrach nó neamhchlaonta ar an fhírinne iad na teachtaireachtaí seo; ach, is toradh iad ar chinntí a rinneadh le linn an phróisis chruthaithe, agus ar roghnú cad ba cheart a chur san áireamh, béim a chur air agus a fhágáil ar lár. Tá gach cinneadh sa phróiseas seo treoraithe ag sraith gnásanna, luachanna, agus breithnithe tráchtála, ag cur leis an mbealach a léiríonn an teachtaireacht deiridh sna meáin daoine, imeachtaí nó saincheisteanna. Ar an gcúis seo, tá ról ríthábhachtach ag an léiriú sna meáin maidir le dearcadh, tuiscint agus creideamh an phobail faoin domhan a mhúnlú.

Tá sé ríthábhachtach chun litearthacht sna meáin a fhorbairt a thuiscint go gcuirtear gach teachtaireacht meán le chéile. Ligeann an fheasacht seo dúinn dul i ngleic go criticiúil le hinneachar meán, ag ceistiú agus ag déanamh anailíse ar na mianta, na himpleachtaí agus na tionchair atá taobh thiar do léiriú sna meáin. Tá sé ríthábhachtach nádúr na dteachtaireachtaí atá curtha le chéile do na meáin a aithint chun tuiscint a fháil ar na dinimic bhunúsacha cumhachta, na claonadh agus na idé-eolaíochtaí atá leabaithe in inneachar meáin, ionas gur féidir linn dul i ngleic le tírdhreach na meán le dearcadh níos géarchúisí agus níos criticiúla. Ar an mbealach seo, bíonn muid níos ullmhaithe le dúshlán a thabhairt d'ábhar díobhálach nó míthreorach chomh maith le cur ina choinne agus tacú le léiriú níos cruinne, níos cuimsithí agus níos cothroime sna meáin.

## Acmhainní chun an topaic seo a fhiosrú:

- **Léiriú sna meáin -** https://www.youtube.com/watch?v=fOecpti7Qf8
- **Léiriú agus eagsúlacht sna meáin -** https://www.youtube.com/watch?v=kVAztNx0rHQ&t=153s
- **Ag múineadh faoin léiriú -** https://davidbuckingham.net/2018/03/26/teaching-social-media-3-representation/

# AE 8 – IONRAMHÁIL ÁBHAR

## Bolscaireacht

Déanann bolscaireacht tagairt do scaipeadh córasach eolais, smaointe, nó ráflaí, a bhíonn claonta nó míthreorach go minic, atá dírithe ar thionchar a imirt ar thuairimí, ar mhothúcháin, ar dhearcadh nó ar iompar spriocghrúpa. Is cur chuige straitéiseach é atá deartha chun clár oibre polaitiúil, idé-eolaíoch nó eagraíochtúil ar leith a chur chun cinn, go minic trí shaincheisteanna casta a shimpliú agus trí thaobh amháin den argóint a chur i láthair mar thaobh dothuigthe nó níos fearr ná an taobh eile. Is minic a mheallann na teicníochtaí a úsáidtear i mbolscaireacht mothúcháin daoine ag baint úsáide as íomhánna cumhachtacha, manaí, agus scéalta chun frithghníomhartha láidre a mhúscailt agus chun práinne agus fiosracht a chruthú i measc an lucht féachana.

## Bréageolas / Eolas Míchruinn

Is eolas bréagach nó míthreorach, *d'aon ghnó*, é bréageolais a chruthaítear agus a scaiptear chun daoine a mhealladh nó a chur amú. Is eolas bréagach nó míthreorach é eolas míchruinn, ach ní chruthaítear agus ní scaiptear é chun daoine a ghortú. Mar shampla, má fhaigheann tú scéal bréagach ar WhatsApp, creideann tú ina bharántúlacht, agus roinneann tú é le daoine eile, ní raibh sé de rún agat aon dochar a

dhéanamh toisc gur shíl tú go raibh an scéal fíor. Mar sin féin, cé nach bhfuil rún ag an eolas mícheart dallamullóg a chur ar dhuine, tá a hiarmhairtí chomh díobhálach leis na cinn a thagann le bréageolais.

## Comhthéacs Bréagach / Mícheart

Tagraíonn comhthéacs bréagach nó mícheart do chásanna ina gcuirtear fíor-inneachar, mar íomhánna, físeáin, nó sliocht athfhriotail, i láthair le comhthéacs mícheart nó míthreorach chun an lucht féachana a mhealladh. Tá fadhb ar leith ag baint leis an gcineál seo ionramhála toisc go n-úsáideann sé ábhar iontaofa a thógtar as a chomhthéacs chun a bhrí a athrú, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ag daoine an feall a aimsiú. Mar shampla, d'fhéadfaí grianghraf ceart ó imeacht san am a chuaigh thart a roinnt ar na meáin shóisialta le fotheideal ag maíomh go bréagach gur imeacht é a tharla le déanaí.

## Clicmhealladh

Is éard is clicmhealladh ann ná aon chineál ábhair atá deartha chun aird úsáideoirí a mhealladh agus a chur ina luí orthu cliceáil ar nasc nó dul isteach ar leathanach, go príomha chun trácht a thiomáint agus ioncam fógraíochta a mhéadú. Is gnách go n-úsáideann clicmhealladh ceannlínte iontacha, íomhánna míthreoracha, gealltanais bhréagacha nó éilimh

áibhéil chun fiosracht a spreagadh agus chun leas a bhaint as mothúcháin úsáideoirí agus á spreagadh chun dul i ngleic leis an ábhar.

### Scigaithris agus Aoir

Tá baint ag an scigaithris agus ag an aoir lena chéile ach is cineálacha éagsúla greann iad. Cé go ndéanann scigaithris aithris agus áibhéil a dhéanamh ar shaintréithe saothar, seánra nó duine aonair ar leith, bíonn scóip níos leithne ag aoir de ghnáth, ag magadh faoi iompraíochtaí daonna, noirm shochaíocha, polaitíochta, agus treochtaí cultúrtha. Cé gur fíorfhoirmeacha ealaíne agus léirithe iad scigaithris agus aoir, i gcomhthéacs na meáin dhigiteacha agus neamhord faisnéise is féidir leo a bheith ina bhfadhbanna uaireanta toisc nach bhfuil an t-eolas agus na scileanna ag gach duine iad a thuiscint. Ceaptar gur fíorscéalta nó fíor nuacht an aoir agus an scigaithris, rud a chuireann mearbhall ar úsáideoirí nach dtuigeann an grinn a bhíonn i gceist.

### Eagarthóireacht Mhealltach

Déanann eagarthóireacht mhealltach tagairt d'ionramháil nó d'athrú ar aon chineál meán, mar fhíseán, fuaim nó íomhá, agus é mar aidhm dearcadh agus léirmhíniú an lucht féachana ar an ábhar a chur amú, a cúbláil nó tionchar a imirt orthu go mímhacánta. Is féidir an cineál seo

ionramhála a dhéanamh ar go leor bealaí éagsúla, mar shampla páirteanna a bhaint nó a chur le radharc; píosaí ó fhoinsí éagsúla a chomhcheangal; nó an luas a athrú chun seicheamh na n-imeachtaí a mhíléiriú.

### Domhainbhrionnuithe

Is éard atá i gceist le domhainbhrionnuithe ná físeáin nó clostaifid a rinneadh cúbláil orthu ag baint úsáide as ard- hintleachta saorga (AI) agus teicnící foghlama leathan. Tá an teicneolaíocht a bhaineann le domhainbhrionnuithe a chruthú ag éirí níos sofaisticiúla agus fáil níos éasca air, rud a chruthaíonn dúshlán mór mar go bhfuil siad in ann ábhar bréagach an-áititheach a chruthú. Mar shampla, i roinnt físeáin dhomhainbhrionnuithe, is féidir cuma, guth agus gníomhartha daoine aonair a athrú go hiomlán chun teachtaireachtaí éagsúla a chur in iúl.